



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

TÍREOLAÍOCHT na hARDTEISTIMÉIREACHTA

TÁSCAIRÍ MARCÁLA

Eanáir 2006

TÁBHACHTACH – LE NÓTÁIL LE DO THOIL

Gach scéim mharcála i gcomhair na Scrúduithe Stáit, ceaptar go sonrach í chun go ndéanfar gach scrúdú ar leith, gach bliain ar leith, a mharcáil go cothrom agus ar aon dul le chéile. Ceaptar an scéim de thoradh phróiseas uileghabhálach machnaimh ag an bPríomhscrúdaitheoir agus ag an meitheal iomlán Scrúdaitheoirí Comhairleacha, agus de thoradh na taithí ag na Scrúdaitheoirí go léir ar shampla randamach scrípteanna a mharcáil. Ní bhíonn láneolas ar fáil, go dtí an tráth sin, ar an gcaoi ar fhreagair na hiarrthóirí an páipéar. Dá réir sin, go dtí dáta a foilsithe ag Coimisiún na Scrúduithe Stáit, dréachtscéim mharcála amháin atá inti.

Beartaítear gach scéim mharcála do pháipéar ar leith, bliain ar leith. Beidh éagsúlacht, dá réir sin, ag baint leis na scéimeanna marcála ó bhliain go bliain maidir lena leithéid seo:

- (i) foroinnt na marcanna;
- (ii) na critéir ar a mbronntar na marcanna.

Beartaíodh na táscairí marcála seo a leanas maidir leis na páipéir shamplacha gan toradh an phróisis atá rianaithe thuas a bheith againn. Cé gurb é an cuspóir a bhaineann leo ná a thabhairt le fios cén chaoi a bhféadfaí na ceisteanna seo ar leith a mharcáil, is tábhachtach go dtuigfí nár ghá go mbeadh an scéim mharcála dheiridh in 2006 ná in aon bhliain eile mar a chéile leo.

ARDLEIBHÉAL

CUID 2 – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA AGUS AISTÍ – 320 MARC

CEISTEANNA ROINN 1 agus ROINN 2

e.g. Patrúin agus Próisis sa Timpeallacht Fhisiciúil

Ceist 1

A	B	C	D	E	F	NG
68-80	56-67	44-55	32-43	20-31	8-19	0-7

A. Sracléarscáil

- Tarraingthe ar leathscála = 5 mharc (m).
- **Cúig** ghné dhraenála @ 3 m an ceann [má thaispeántar: 2m grádaithe; má ainmnítear :1 m].

[20m]

B. Foirmiú dhá thírghné Éireannacha.

Foirmiú ag próisis atá mínithe @ 15m an ceann = 30m

- Tírghné ainmnithe = 1m
- Cúig Phoinge Shuntasacha Ábhartha (PSÁ) @ 2m an ceann = 10m
- Má chuirtear PSÁ i bhfoirm léaráide: uas. 2 x 2m = 4m
- Ní mór próiseas a mhíniú in PSÁ amháin ar a laghad
- Ní foláir dó a bheith ina shampla Éireannach = 2m
- Comhtháthú iomlán = 2m grádaithe


[30m]

C. Dhá iarmhairt ag próisis iseastatacha @ 15m an ceann = 30m

- An iarmhairt ainmnithe = 1m
- Cúig PSÁ @ 2m an ceann = 10m
- Má chuirtear PSÁ i bhfoirm léaráide: uas. 2 x 2m = 4m
- Ní mór próiseas a mhíniú in PSÁ amháin ar a laghad
- Ní foláir dó a bheith ina shampla Éireannach = 2m
- Comhtháthú iomlán = 2m grádaithe

[30m]

Scéim tháscach do Chuid B – Eas



Gníomhairí tábhachtacha iad na haibhneacha atá ag gníomhú ar thirdhreach na hÉireann. Gné amháin a fhaightear i ngleannta aibhneacha ná eas, ar nós Eas an Toirc, i gCill Airne. Aimsítear easa de ghnáth sa sruthchúrsa uachtarach. Cruthaítear eas de ghnáth nuair a luíonn banda de bhuncharraig chrua trasna ar chúrsa na habhainn. // Má tá sé seo ag luí le fána an tsrutha, is féidir le gníomhú hidrálach fairsruth a chruthú // san áit ina gcreimeann fórsa an uisce leaba na habhainn. // Má tá sé chothrománach, ansin de réir mar a shníonn an abhainn den charraig chrua seo síos ar charraig níos boige faoina bhun, déanann an scríobadh é a chaitheamh níos tapúla. // Seo é an áit ina dtugann an abhainn a hualach chun siúil agus ina gcaitear an charraig. // Cruthaítear starragán, agus de réir mar a thiteann an t-uisce caol díreach síos ar an gcarraig níos boige, foirmítear linn ghéarthitime. // de réir mar a chaitear an scair chrua, cúláíonn an t-eas siar sa sruth //

PSÁ @ 2m

PSÁ @ 2m

PSÁ @ 2m

[PSÁ @ 2m]

[PSÁ @ 2m]

[PSÁ @ 2m]

[PSÁ @ 2m]

[PSÁ @ 2m]

Comhtháthú iomlán = 2m grádaithe
iomlán = 1m + 2m + [5 x 2m] + 2m = 15m

Malairt táscairí do chuid B mura bhfuil ach tírghné amháin agus úsáid na léaráidí á lorg:

B. Foirmiú tírghné Éireannach amháin ar bith

Foirmiú ag próiseas atá mínithe @ 30m

- Tírghné ainmnithe = 2m
- Léaráid(i) & 6m [2m+2m+2m] = 6m
- Sé PSÁ @ 2m an ceann = 12m
- Ní mór próiseas ábhartha a mhíniú in PSÁ amháin @ 2m.
- Sampla Éireannach amháin = 2m
- Comhtháthú iomlán = 6m gdd.

[30]

ROINN 3 – ROGHNACHA Ceisteanna

N.B. Ceisteanna ar chuma aistí iad seo agus marcálfar iad dá réir.

Is fearr plé go mion lena trí nó a ceathair de ghnéithe an phríomhthéama ná cur síos go hachomair ar líon mór pointí.

Dá bhrí sin, is mar seo a leanas a bheadh an múnla don bhunscéim mharcála do na ceisteanna roghnacha:

A	B	C	D	E	F	NG
68-80	56-67	44-55	32-43	20-31	8-19	0-7

Ceithre argóint @ 20 marc an ceann = 80m

Chuirfí san áireamh go han-chúramach i mbeartú na Scéime Mharcála go mb'fhéidir gurbh fhearr éagsúlacht ar an mbuntéama seo sna freagraí [i.e. trí argóint].

N.B. Is é is Pointe Suntasach Ábhartha ann ná pointe fíorasach eolais a dtabharfaidh scrúdaitheoir ualú marcanna dó mar atá sonraithe ag an scéim mharcála.

GNÁTHLEIBHÉAL

CUID 2 – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA – 300 MARC

ROINN 1 agus ROINN 2 - Ceisteanna

e.g. Patrúin agus Próisis sa Timpeallacht Fhisiciúil

Ceist 1

A	B	C	D	E	F	NG
85-100	70-84	55-69	40-54	25-39	10-24	0-9

A. Sracléarscáil

- **Cúig** ghné marcáilte isteach agus ainmnithe @ 5m an ceann
=25m
- Cruinneas toisí ar an iomlán agus cruinneas suímh = 5m

[30m]

B. Foirmiú dhá tírghné Éireannacha ar bith @ 20m = 40m

Do gach tírghné:

Foirmiú ag próisis atá mínithe @ 20m an ceann

- Tírghné ainmnithe = 2m
- **Cúig** PSÁ @ 3m an ceann
- Ní mór próiseas ábhartha a mhíniú in PSÁ amháin ar a laghad
- Ní foláir sampla Éireannach a ainmniú = 3m



[40m]

C. Bealach amháin a mbíonn tionchar ag gníomhaíochtaí an duine ar phróisis dhromchlacha aiceanta – é sin mínithe @ 30m

- Gníomhaíocht ainmnithe = 6m grádaithe
- Ocht PSÁ @ 3m an ceann
- 1 PSÁ chun an tionchar ar phróiseas a mhíniú

[30m]

Scéim tháscach do chuid B – Eas



i.e. Ainm 2m, 1 Samp. Éir 3m + 5 PSÁ @ 3m an ceann = 20m

N.B. Is é is Pointe Suntasach Ábhartha ann ná pointe fíorasach eolais a dtabharfaidh scrúdaitheoir ualú marcanna dó mar atá sonraithe ag an scéim mharcála.